Shaping Europe Together eu careers



# Agallamh Suíomhúil ar bhonn Inniúlachtaí

**Comórtas oscailte**
**EPSO/AD/396/21**
**Riarthóirí (AD 7)**
**Dlítheangeolaithe Gaeilge (GA)**

---

**Fad ama na trialach: 35 nóiméad**

---

© An tAontas Eorpach, 2022

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a stóráil i gcóras aisghabhála, ná a tharchur, ar mhodh ar bith bíodh sé sin go leictreonach, go meicniúil, trí fhótachóipeáil nó modh nach iad, gan cead a fháil roimh ré ó EPSO, Aonad 01.001 L107 Urláir 2-3/DCS, B-1049 Bruxelles.

Ní ceadmhach ach do dhaoine arna n-oiliúint agus arna n-údarú ag EPSO an cleachtadh seo a riar agus a léirmhíniú agus sin faoi na coinníollacha a shonraíonn EPSO agus faoi na coinníollacha sin amháin.

## TASC

# FÓGRA TÁBHACHTACH

**Cás ficseanúil atá sa doiciméad seo. Cumadh é lena úsáid sa chleachtadh seo amháin. Gach tagairt do thíortha, eagraíochtaí idirnáisiúnta, cuideachtaí príobháideacha, agus ranna arb ann dóibh le fírinne, agus dá gcuid ionadaithe, etc, cumadh í mar shampla amháin. Níor cheart a thuiscint gur léiriú ar thuairimí na n-eagras nó na ndaoine sin aon bharúil a chuirtear in iúl anseo. Dá réir sin, ba cheart do na rannpháirtithe, agus iad ag plé leis an tasc, brath go hiomlán ar an bhfaisnéis a chuirtear i láthair sa chleachtadh gan dul i muinín aon taithí a bheadh acu roimh ré sa réimse atá i gceist.**

Sa chleachtadh seo, iarrfar ort ról a ghlacadh mar riarthóir de chuid Roinn Leasa Airgeadais an Choimisiúin Eorpaigh. Ina theannta sin tá tú i do bhall de mheitheal idir-rannach atá dírithe ar chúinsí eacnamaíocha agus airgeadais folláine a athbhunú i dtír darb ainm an Drólainn. An doiciméadacht ar fad a bheidh ag teastáil uait chun tú féin a ullmhú le haghaidh an agallaimh, tá sí sa bhróisiúr seo. Cuimsíonn sí roinnt doiciméad, tuarascálacha, agus faisnéise eile nach mór duit anailís a dhéanamh orthu le bheith in ann plé i gceart leis na cásanna a chuirfear os do chomhair san agallamh.

Tá sé tábhachtach go nglacann tú leis an gcás mar a chuirtear os do chomhair é. Is féidir leat na doiciméid a phriontáil, pé eagar is mian leat a chur orthu, agus tráchtanna nó nótaí a chur leo de réir mar is gá. Ní dhéanfar aon mheasúnú san agallamh ar d’eolas ar an réimse ná ar d'eolas ar ábhar an chleachtaidh; mar sin, ní gá aon taighde breise a dhéanamh. Tá an tAgallamh Suíomhúil ar bhonn Inniúlachtaí seo ceaptha chun measúnú a dhéanamh ar na hinniúlachtaí ginearálta seo a leanas: Anailís agus Réiteach Fadhbanna, Ceannaireacht, Tosaíochtaí a Chur in Ord Tábhachta agus Eagrúchán, agus an Obair Bhuíne.

Beidh go dtí lá an agallaimh agat chun dul tríd an bhfaisnéis chun tú féin a ullmhú le haghaidh an agallaimh. Mairfidh an t-agallamh 35 nóiméad.

**Tabhair faoi deara le do thoil, chun críocha an chleachtaidh seo:**
**is é Dé Luain , an 7 Samhain 20XX lá an agallaimh**
**Ba é 20XX-1 an bhliain anuraidh, agus is é 20XX+1 an bhliain seo chugainn**

# Faisnéis chúlra

## Geilleagar na Drólainne


Tháinig titim ghéar thobann ar an bhfás eacnamaíoch sa Drólainn, Ballstát den Aontas Eorpach, tar éis ghéarchéim airgeadais 20XX-9, agus bhí iarmhairtí tromchúiseacha aici ar leibhéil ioncam an rialtais. Roinnt de na bearta a rinne rialtas na Drólainne sna blianta beaga roimh an ngéarchéim, is léir anois ní  hamháin nach raibh siad inbhuanaithe, ach gurbh iad ba chúis dhíreach leis an easnamh mór buiséadach atá ag an tír faoi láthair. Ina theannta sin, de dheasca an mhéid fiachais rialtais atá ann cheana, is ábhar imní mór í inbhuanaitheacht an fhiachais, rud a chuireann faitíos ar infheisteoirí a d'fhéadfadh infheistiú sa tír.

## Cúiseanna bunúsacha

Is fadhb mhór í an obair fho-dhearbhaithe nó neamhdhearbhaithe sa tír, go háirithe san earnáil talmhaíochta, agus níl gníomhaíocht beartais éifeachtach curtha i bhfeidhm ag rialtas na Drólainne go fóill chun dul i ngleic léi. Thairis sin, sainaithníodh caillteanas an ioncaim cánach dá deasca mar cheann de mhórchúiseanna easnamh buiséadach na Drólainne. Fadhb mhór eile is ea an leibhéal caiteachais phoiblí ar tháirgí cógaisíochta (aisíocaíochtaí as cógais ar oideas), caiteachas atá níos airde, i gcoibhneas leis an Olltáirgeacht Intíre, ná i mBallstáit eile san Aontas. Thairis sin, níl an Drólainn ach sa 72ú rang sa tuarascáil dhomhanda *Ease of Doing Business* [a éasca atá sé gnó a dhéanamh] ón mBanc Domhanda. Tá an timpeallacht ghnó sa tír ar na cúinsí a chuireann bac ar an bhfás eacnamaíoch agus ar an iomaíochas inti, agus ní mór feabhas a chur ar an staid sin chun leibhéil níos airde infheistíochta dírí coigríche a mhealladh agus chun an fás inbhuanaithe a ghiniúint le haghaidh gnólachtaí beaga.

## Cairt eagraíochta Ghrúpa Oibre na Drólainne

Tá grúpa oibre idir-rannach bunaithe laistigh den Choimisiún Eorpach chun díriú ar chúinsí eacnamaíocha agus airgeadais folláine a athbhunú sa Drólainn.



RÍOMHPHOST

TEACHTAIREACHT

| Nua | Freagair | Freagair ar chách | Cuir ar aghaidh | Scrios | Bog |
|---|---|---|---|---|---|

## AN DRÓLAINN

SM

Ó Sacha Miller, Cathaoirleach, Meitheal na Drólainne
Déardaoin 03/11/20XX
Chuig Grúpa Oibre na Drólainne

A chairde an Ghrúpa Oibre,

Mar is eol daoibh, tá trí bheart ar leith sainaitheanta againn a fhéadfaidh rialtas na Drólainne a chur i bhfeidhm chun feabhas a chur ar an timpeallacht ghnó sa tír:

**(a) Acht nua, Acht Airge na Drólainne*, a dhréachtú chun an nuálaíocht a spreagadh**

=> Ba cheart tréimhse dhréachtaithe dhá mhí a chur san áireamh.

**(b) 'Clár meallta na hinfheistíochta dírí coigríche' a bhunú le haghaidh gnólachtaí beaga**

=> Tógfaidh sé seo thart ar cheithre mhí. Mar sin féin, d'fhéadfaí an tréimhse sin a ghearradh siar go trí mhí má ghlactar tionscnaimh, roimh bhunú an chláir, chun rioscaí an ghnó sa Drólainn a laghdú le haghaidh na n-infheisteoirí eachtrannacha.

**(c) Tairseach ar líne a fhorbairt chun tuairisceáin chánach a chur isteach**

=> Ba cheart tréimhse sé mhí a chur san áireamh chun í seo a fhorbairt. Mar sin féin, d'fhéadfaí gur leor cúig mhí má bhailítear faisnéis go gasta maidir leis na gnéithe den chánachas is mó is ábhar mearbhaill do chomhlachtaí, nó is tábhachtaí dar leo.

*= Dlí paitinní maidir le haireagáin na bhfostaithe, lena mbeidh comhlachtaí in ann níos mó brabúis a fháil as aireagáin a gcuid fostaithe, dlí a bhfuiltear ag súil leis go gcuirfidh sé le tarraingteacht na hinfheistíochta i ngníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta sa Drólainn le haghaidh na gcomhlachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta.

An bhféadfadh sibh, le bhur dtoil, an amlíne is fearr is féidir a mholadh le haghaidh rialtas na Drólainne chun na bearta seo a chur chun feidhme idir an 1 Eanáir agus an 31 Nollaig 20XX+1? Cuirigí san áireamh, le bhur dtoil, gur cheart tús áite a thabhairt do bhearta a chuirfidh airgead ar fáil go gasta – leithéidí na tairsí ar líne chun tuairisceáin chánach a chur isteach – seachas do bhearta nach ngnóthóidh airgead ach go hindíreach. Ina dhiaidh sin, bheifí in ann na cistí a shaothrófaí a atreorú chun cuidiú le cur chun feidhme na mbeart eile.

Tá a fhios agam go bhfuil sibh uile an-ghnóthach in bhur ranna faoi leith agus deireadh na bliana ag teannadh orainn. Tuigim go mbeidh ualach oibre dúshlánach i gceist, b'fhéidir, má bhíonn tionscadail nua le déanamh agaibh sa chéad ráithe i dteannta bhur rannpháirtíochta sa ghrúpa oibre. Dá ainneoin sin ar fad, is mór againn bhur ndua, agus ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil libh as bhur ndúthracht.

Mise le meas,

**Sacha Miller**
Cathaoirleach Grúpa Oibre na Drólainne

LEATHANACH GRÉASÁIN

SED ×
https://www.dse.dr/glossary/GA
Leabharmharcanna

# GLUAIS SCOIL EACNAMAÍOCHTA NA DRÓLAINNE

## FIOSCACHT:

**Meanma cánach:** spreagthaí deonacha chun na dlíthe cánach a chomhlíonadh, de ghnáth mar gheall ar noirm shóisialta i bhfabhar an chomhlíonta.

**Córas dearbhán seirbhíse:** meán íocaíochta, le fordheontais ón údarás poiblí ábhartha, trína mbíonn sé níos inacmhainne ag úsáideoirí príobháideacha (a) daoine a fhostú chun seirbhís a sholáthar agus (b) déanamh deimhin de go mbíonn dálaí oibre cuibhiúla ag na daoine a fhostaíonn siad (i.e. clúdach árachais shóisialta, pá saoire, etc.). Go hiondúil, is é an chéad chéim maidir le scéim dearbhán na seirbhísí sin a shainaithint a bhfuil ag teastáil ó dhaoine ach nach bhfuil le fáil ar an margadh ná ón earnáil phoiblí. Áirítear ar na seirbhísí sin, mar shampla, cúnamh tís nó deisiúcháin tí. Chun cosc a chur ar an iomaíocht éagothrom, is gnách na gníomhaíochtaí a chlúdaítear le scéimeanna den sórt sin a chomhaontú roimh ré leis na ceardchumainn agus le heagraíochtaí na bhfostóirí.

**Córas mianadóireachta sonraí:** córas chun patrúin a aithint san fhaisnéis atá taifeadta i mbunachair sonraí agus chun faisnéis úsáideach a asbhaint aisti; mar shampla, patrúin san fhaisnéis maidir le cánacha agus leis an tslándáil shóisialach.

## EACNAMAÍOCHT SLÁINTE

**Praghsáil an chostais-*plus*:** samhail phraghsála ina n-íocann an ceannaitheoir rialtais as na costais táirgthe agus na costais taighde agus forbartha a bhaineann leis an táirge (de réir mar a ríomhann an táirgeoir iad) agus ina ndéanann sé caibidlíocht ansin maidir le barrachas os cionn na gcostas sin chun an praghas díreach ón monarcha (= an praghas gan cánacha a chur san áireamh) a ghearrann na táirgeoirí sin (ar táirgeoirí intíre iad go hiondúil) a theorannú.

**Praghsáil tagartha seachtraí:** cleachtas trína mbaineann na húdaráis sláinte úsáid as an bpraghas atá ar tháirge cógaisíochta i dtíortha eile chun tagarmharc a dhíorthú chun praghas an táirge a shocrú nó chun caibidlíocht a dhéanamh leis an táirgeoir faoi.

# GRÚPA OIBRENA DRÓLAINNE

PLÉFHÓRAM 1/2

## > CAITEACHAS POIBLÍ AR THÁIRGÍ CÓGAISÍOCHTA

**Lillian Moore** 04/11/20XX

Haigh a chairde, mar is eol daoibh, ba cheart an caiteachas poiblí ar tháirgí cógaisíochta a laghdú sa Drólainn. Measaim go bhféadfaí praghsanna níos ísle ar tháirgí cógaisíochta a bhaint amach sa Drólainn dá mbainfí úsáid as modh na praghsála tagartha seachtraí, ar chuntar go roghnófaí tíortha tagartha a bheidh inchomparáide ó thaobh saibhreas eacnamaíoch de.

LUAIGH | FREAGAIR

**Peyton Sparrows** 04/11/20XX

Haigh, go raibh maith agat as an moladh sin a Lillian. Tá staidéir léite agam faoin modh sin a thugann le fios go bhféadfaidh gurb é a dhéanfaidh na monaróirí mar fhreagairt air ná a gcuid táirgí a sheoladh den chéad uair i dtíortha ina bhfuil na praghsanna go hard ionas go nglacfar leis na praghsanna arda sin mar thagairt. Dá bhrí sin, ba mhaith liom modh phraghsáil an chostais *plus* a mholadh ós bealach é lena dheimhniú go mbeidh fáil ar na cógais ar phraghsanna réasúnta agus nach ndéanfaidh na cuideachtaí an iomarca brabúis.

LUAIGH | FREAGAIR

**Ava Guzman** 04/11/20XX

Haigh a Peyton, moladh suimiúil é sin. Tá tuilleadh scrúdaithe déanta agam ar an gceist seo, agus n'fheadar an mbeadh a ndóthain dreasachta fós ag na táirgeoirí chun dul i mbun nuálaíochta nó chun a bpróisis táirgíochta a dhéanamh níos éifeachtúla dá mbeadh ráthaíocht acu go gclúdófaí a gcostais táirgíochta. Cad is dóigh leatsa?

LUAIGH | FREAGAIR

## > OBAIR NEAMHDHEARBHAITHE SAN EARNÁIL TALMHAÍOCHTA

**Maya Laing** 04/11/20XX

Haigh a chairde, mar is eol daoibh, ní mór dul i ngleic le fadhb na hoibre neamhdhearbhaithe sa Drólainn. Ós rud é gurb é an bacadh (pionóis) an cur chuige is coitianta ar fud an Aontais Eorpaigh maidir leis an obair neamhdhearbhaithe, bheadh ciall iomlán le seiceálacha a mhéadú chun aon duine a théann i mbun obair neamhdhearbhaithe sa Drólainn a aithint.

LUAIGH | FREAGAIR

**John Bishop** 04/11/20XX

Haigh, go raibh maith agat a Maya. Léirigh tuarascáil le déanaí faoin bPolmáir – tír ina bhfuil scáthgheilleagar cosúil le scáthgheilleagar na Drólainne – nár tháinig aon laghdú ar líon measta na ndaoine a bhíonn i mbun obair neamhdhearbhaithe d'ainneoin méadú ar na seiceálacha ón rialtas. Measaim, dá bhrí sin, gurbh fhearr mar chur chuige liosta oifigiúil réigiúnach d'áirithintí a chur ar bun i ngach oifig fostaíochta réigiúnach, liosta a bhféadfadh aon duine a bheadh ag iarraidh a bheith fostaithe (nó athfhostaithe) ag gnólachtaí talmhaíochta a n-ainm a chur leis. Ansin, d'fhéadfadh an rialtas dreasachtaí a chur ar fáil d'fhostóirí a fhostaíonn oibrithe go dlíthiúil ó liosta oifigiúil.

LUAIGH | FREAGAIR

## GRÚPA OIBRE NA DRÓLAINNE — PLÉFHÓRAM 2/2

**Peyton Sparrows** 04/11/20XX

Haigh a chairde. Tar éis dom roinnt taighde a dhéanamh, tá imní orm go bhféadfaí mí-úsáid a bhaint as an gcóras a mholann John: d'fhéadfadh na fostóirí gan na hoibrithe ón liosta a fhostú ach amháin ar feadh na tréimhse giorra a bheadh ag teastáil chun an dreasacht a fháil, agus ansin oibrithe neamhoifigiúla a fhostú le haghaidh na coda eile den séasúr.

LUAIGH | FREAGAIR

### > GNÍOMHAÍOCHTAÍ CHUN TIMPEALLACHT GHNÓ NA DRÓLAINNE A FHEABHSÚ

**Ava Guzman** 03/11/20XX

Dia daoibh. Mar is eol daoibh, cuirfear 'clár meallta infheistíochta dírí coigríche' ar bun sa Drólainn. Is cuimhin liom tionscnamh den sórt céanna a tugadh isteach roimhe seo chun cuidiú le fás na ngnólachtaí i dtír na Móráine trí thacaíocht taighde margaidh a sholáthar agus ócáidí líonraithe, cruinnithe le haghaidh infheisteoirí, etc, a chur ar bun. Chun go mbeadh rath ar a leithéid de chlár sa Drólainn, áfach, ní mór dul i ngleic roimh ré leis na nósanna imeachta casta seanchaite a bhaineann le cánacha a íoc sa tír, ionas go mbeidh na hinfheisteoirí coigríche níos sásta gnólachtaí a cheannach nó a bhunú sa Drólainn.

LUAIGH | FREAGAIR

**Maya Laing** 03/11/20XX

Haigh a Ava – tagaim leat go gcaithfear dul i ngleic sa chéad dul síos le nósanna imeachta casta seanchaite. De bhua tairseach ar líne, beidh na gnólachtaí in ann a gcuid cánacha, ranníocaíochtaí slándála sóisialaí, etc., a thuairisciú agus a íoc ar bhealach níos fusa. Ach an tairseach sin a bheith seolta, beidh sonraí maidir le hacmhainneacht chreidmheasa na n-iasachtaithe féideartha le fáil ón bhfaisnéis a bhaileofar maidir leis na híocaíochtaí cánach, rud a bheidh an-úsáideach ag na creidiúnaithe.

LUAIGH | FREAGAIR

**John Bishop** 04/11/20XX

Haigh, go raibh maith agaibh as bhur moltaí a Ava agus a Maya. Measaim go mbeidh sé deacair ar ghnólachtaí a bhíonn ag streachailt ó thaobh airgeadais de mar gheall ar chastacht riaracháin na n-oibríochtaí sa Drólainn díriú isteach ar an nuálaíocht. Dá bhrí sin, dar liomsa ní bheidhaon éifeacht ag Acht Airge na Drólainne ach amháin nuair a bheidh 'clár meallta na hinfheistíochta dírí coigríche' ag feidhmiú go hiomlán.

LUAIGH | FREAGAIR